# Achoimre ar

# Bhearta Buiséid Fhorlíontaigh

# Athruithe Beartais

**Aibreán 2009**

# Achoimre ar Bhearta Buiséid – Aibreán 2008
# Athruithe Beartais

## Clár


| | Leathanach |
|---|---|
| **Roinn I – Bearta Cánachais** | **B.5** |
| Athruithe ar Thobhach Ioncaim, ar Thobhach Sláinte & ar ÁSPC | **B.5** |
| Cáin Ioncaim | **B.5** |
| Cánachas ar Choigilteas | **B.5** |
| Dleacht Stampála | **B.5** |
| Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla | **B.6** |
| Cáin ar Fháltais Chaipitiúla | **B.6** |
| Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla, ar Cháin Ioncaim & Cáin Chorparáideach | **B.6** |
| Liúntais Chaipitiúla | **B.7** |
| Máil | **B.7** |
| CBL | **B.8** |
| **Roinn II – Bearta Caiteachais** | |
| Caiteachas Reatha | **B.9** |
| Leas Shóisialach | **B.9** |
| Gnóthaí Eachtracha | **B.9** |
| Sláinte agus Leanaí | **B.9** |
| Coigiltis Phárolla | **B.10** |
| Comhshaol, Oidhreacht & Rialtas Áitiúil | **B.10** |
| Oideachas & Eolaíocht | **B.10** |
| Talmhaíocht, Iascaigh agu Foraoiseacht | **B.10** |
| Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta | **B.10** |
| Iompar | **B.10** |
| Cosaint | **B.10** |
| Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | **B.11** |
| Scéim Dreasachta um Luathscor sa tSeirbhís Phoiblí | **B.11** |
| Scéim heasachta Speisialta um Shos Gairme sa Státseirbhís & Scéim um Bliain Oibre níos Gairide | **B.11** |
| Scéim um Ghníomachtú/Ath-scileáil agus um Thriailoiliúint do Oibrithe ar Gearrthéarma | **B.11** |
| Laghdú i dtaca le Pinsean do Sheirbhísigh Phoiblí | **B.12** |
| Aistriú Ciste Pinsin | **B.12** |
| Caiteachas Caipitiúil | **B.13** |
| Ciste Cobhsaíochta Fiontar | **B.13** |

## Roinn I – Bearta Cánachais le tabhairt isteach in 2009

| Beart | Teacht isteach in 2009 | Teacht isteach i mBliain iomlán |
|---|---|---|
| **ATHRUITHE AR THOBHACH IONCAIM, AR THOBHACH SLÁINTE, AGUS AR ÁSPC**<br>**<u>Sonraí:</u>**<br>**Tobhach Ioncaim – ó 1 Bealtaine**<br>Dúblófar na rátaí ar Thobhach Ioncaim go 2%, 4% agus 6%. Is é €15,028 an tairseach díolúine. Bainfidh an ráta 4% le h-ioncaim os cionn €75,036 agus bainfidh an ráta 6% le h-ioncaim os cionn €174,980<br><br>**Tobhach Sláinte – ó 1 Bealtaine**<br>Dúblófar rátaí ar Thobhach Sláinte go 4% agus 5%. Is é €75,036 an pointe iontrála chuig an Ard Ráta<br><br>**ÁSPC – ó 1 Bealtaine**<br>Ardófar an uasteorainn ÁSPC ó €52,000 go €75,036 | €1,322m | €2,786m |
| **CÁIN IONCAIM**<br>**Faoiseamh Úis Mhorgáiste**<br>Cuirfear deireadh le faoiseamh úis ar mhorgáiste a théann níos faide siar ná seacht mbliana ó 1 Bealtaine<br><br>**Teorannú sa bhfaoiseamh úis maidir le háitreabh cónaithe ar cíos**<br>Tá laghdú á dhéanamh chuig 75% ar an leibhéal reatha de 100% ar ar féidir aisíochtaí úis a éileamh i leith cáin ar mhaoin chónaithe ar cíos. Baineann an beart seo le morgáistí reatha agus le morgáistí nua araon. Ní bhaineann seo le maoin tráchtála. | €96m<br><br>€65m | €128m<br><br>€95m |
| **CÁIN AR CHOIGILTEAS**<br><br>**Cáin Choinneála ar Ús Taisce, ar Pholasaithe Árachais Saoil agus ar Chistí Infheistíochta**<br>Beidh ardú 2% chuig 25% agus 28% faoi seach ar na rátaí cánach coinneála a bhaineann le hús taisce maraon leis na rátaí cánach a mbeidh feidhm acu maidir le (a) polasaithe árachais saoil agus (b) cistí infheistíochta. Beidh feidhm ag na rátaí ardaithe i ndáil le híocaíochtaí, íocaíochtaí measta san áireamh, a dhéanfar ó mheánoíche 7 Aibreán 2009. | €50m | €70m |
| **DLEACHT STAMPÁLA**<br>**Polasaithe Árachais Saoil**<br>Tabharfar tobhach nua ar árachas saoil isteach ag ráta 1% ar phréimheanna. Bainfidh an tobhach nua seo le préimheanna a fhaigheann arachasóir ar nó tar éis 1 Meitheamh 2009.<br><br>**Polasaithe Árachais Neamhshaoil – Áthrú sa ráta Cánach**<br>Tá meadú de 1% á dhéanamh ar an tobhach reatha 2% i gcás árachais neamhshaoil. Bainfidh an ráta nua de 3% le préimheanna athnuaite agus le tairiscintí a dhéanfaidh arachasóir ó mheánoíche ar 7 Aibreán 2009 nuair a fhaigheann an t-arachasóir na préimheanna ar nó tar éis 1 Meitheamh 2009. | €83m<br><br>€27m | €140m<br><br>€40m |

| Beart | Teacht isteach in 2009 | Teacht isteach i mbliain iomlán |
|---|---|---|
| **DLEACHT STAMPÁLA (ar lean)**<br>**<u>Scéim um Dhleacht Stampála ar 'pháirt -íocaíochtaí'</u>**<br>Scéim um Dhleacht Stampála a bhunú ar 'pháirt-íocaíochtaí' sa chaoi nach mbeidh Dleacht Stampála iníoctha ag duine a ghlacann le maoin ar 'pháirt-íocaíocht' mar mhalairt nó mar pháirt-mhalairt ar theach/arasán nua. Gearrfar an Dleacht Stampála nuair a dhíolann an duine an teach babhtáilte/páirt-íoctha. Tabharfar sonraí iomlána sa Bhille Airgeadais. | - | - |
| **CÁIN AR GHNÓTHACHAIN CHAIPITIÚLA**<br>**Ráta**<br>Ardófar an ráta maidir le cáin ar ghnóthachain chaipitiúla ó 22% go 25% maidir le diúscairtí a dhéanfar ó mheánoíche ar 7 Aibreán 2009. | €30m | €45m |
| **CÁIN AR FHÁLTAIS CHAIPITIÚLA**<br>**Ráta**<br>Ardófar an ráta maidir le cáin ar fháltais chaipitiúla ó 22% go 25% maidir le bronntanais nó oidhreacht a dhéanfar ó mheánoíche ar 7 Aibreán 2009.<br><br>**Tairseach**<br>Laghdófar de 20% na táirsigh reatha de €542,544 (Grúpa A: tuismitheoirí do leanbh), €54,254 (Grúpa B: idir ghaolta), and €27,127 (Grúpa C: daoine nach bhfuil gaol eatarthu) go €434,000, €43,400 and €21,700 faoi seach. Baineann an laghdú seo le bronntanais nó le hoidhreacht a fhaightear ó mheánoíche ar 7 Aibreán 2009. | €15m<br><br>€16m | €18m<br><br>€24m |
| **CÁIN AR GHNÓTHACHAIN CHAIPITIÚLA, CÁIN IONCAIM, AGUS CÁIN CHORPORÁIDEACH**<br>**Teacht isteach agus caillteanais de bharr a bheith ag déileáil le talamh forbraíochta cónaithe**<br><br>**a)** Tá deireadh á chur leis an ráta speisialta de 20% a bhain leis an mbrabús trádála ar dhéileálacha nó ar fhorbraíocht um thalamh cónaithe. Gearrfar cáin ar ioncam an duine ag rátaí corrlaigh chuí cháin ioncaim, nó ag ráta de 25% de cháin chorparáideach. Beidh éifeacht ag an athrú seo maidir le Cáin Ioncaim don bhliain mheasúnaithe 2009 agus do na blianta dár gcionn. Maidir le Cáin chorparáideach do thréimhsí cuntasaíochta dár gcríoch 1 Eanáir 2009 agus ina dhiaidh sin agus tréimhsí a shíneann thar an dáta sin measfar iad chun na críche seo mar thréimhsí cuntasaíochta leithleasacha difriúla. | €20m | €70m |

| Beart | Teacht isteach in 2009 | Teacht isteach i mbliain iomlán |
|---|---|---|
| **CÁIN AR GHNÓTHACHAIN CHAIPITIÚLA, CÁIN IONCAIM, AGUS CÁIN CORPORÁIDEACH (ar lean)**<br>b) Maidir le caillteanais a tharlaíonn de bharr déileáil nó forbraíocht um thalamh cónaithe, más amhlaidh go ndearnadh brabúis trádála agus go mbeidís incháinithe ar 20%, ach nach ndearnadh éileamh ar na Coimisinéirí Ioncaim, agus an t-éileamh a bheith faighte acu roimh 7 Aibreán 2009, chun na caillteanais sin a úsáid, ní bheidh na caillteanais ón lá inniu amach infhaoisimh (ar bhonn luachála) go ginearálta ach suas go huasmhéid de 20%. Más caillteanas foirceanta caillteanas dá leithéid, feidhmeofar an teorannú tríd an caillteanas 'a imfhálú'. | | |
| **LIÚNTAIS CHAIPITIÚLA**<br><br>Faoiseamh cánach ar chaiteachas chaipitiúil a tabhaíodh chun maoin intleachtúil a fháil. Áireofar na mionsonraí sa Bhille Airgeadais.<br><br>Deireadh le Scéim Liúntais Chaipitúla i leith Ospidéil Phríobháideacha agus Tithe Banaltrais. Cuirfear socruithe eatramhacha i bhfeidhm i leith tograí atá ag tulstaid forbartha. Áireofar na mionsonraí sa Bhille Airgeadais. | -<br><br>- | -<br><br>€60m |
| **MÁIL**<br>**Ardú i gCáin Ola Mianraí maidir le díosal do charanna**<br>Beidh ardú 5 ceint an líotar i gcáin ola mianraí ar dhíosal do charanna (lena n-áirítear CBL) le héifeacht ó mhéanoíche ar 7 Aibreán 2009<br>**Mál Tobac**<br>Tá an Dleacht Mál ar bhosca de 20 toitín á ardú 25 ceint (lena n-áirítear CBL) agus beidh ardú pro-rata ar tháirgí eile tobac le héifeacht ó mheánoíche ar 7 Aibreán 2009 | €70m<br><br>€32m | €100m<br><br>€45m |

| Beart | Teacht isteach in 2009 | Teacht isteach i mbliain iomlán |
|---|---|---|
| **CBL**<br>**Scéim um Chorrlach CBL á thabhairt isteach maidir le carranna athláimhe.**<br><br>Le héifeacht ó 1 Iúil 2009 tá scéim chorrlaigh á thabhairt isteach trína ngearrfar cáin ar dhéileálaithe de réir a gcorrlach ar charanna athláimhe a fhaigheann siad agus a athdhíolann siad tar éis an dáta sin. Maidir le carranna athláimhe a fhaightear roimh 1 Iúil 2009 agus a athdhíoltar tar éis an dáta sin, gearrfar cáin ar a bpraghas athdhíolta, ach má dhíoltar carr dá leithéid roimh 31 Nollaig 2009, is féidir an CBL atá dlite i leith praghas athdhíolta ar chairr a roinnt i suimeanna cothroma thar na trí threímhse CBL atá ag teacht. Ní féidir díscríobh a dhéanamh ar an gcreidmheas um ionchur CBL atá faighte cheana féin ag díoltóirí nuair a cheannaigh siad na carranna athláimhe. Áireofar na mionsonraí beachta sa Bhille Airgeadais. | €20m costas | - |
| **Teacht isteach iomlán** | **€1,806m** | **€3,621m** |

# Roinn II - Bearta Caiteachais le tabhairt isteach in 2009

Tá soláthar déanta sa bhuiséad forlíontach le haghaidh coigiltis go foriomlán de €886 milliún san Ollchaiteachas Reatha (€1,215 milliún i mbliain iomlán) agus de €576m san Ollchaiteachas chaipitil i gcoibhneas leis an staid réamhbhuiséadach mar a foilsíodh ar an Déardaoin 2 Aibreán 2009. Áirítear na mórbhearta caiteachais mar seo a leanas:-

## Caiteachas Reatha

| Beart | Teacht isteach in 2009 | Teacht isteach i mbliain iomlán |
|---|---|---|
| **Leas Sóisialach**<br>Laghdófar go €100 sa tseachtain ón gcéad seachtain de Bhealtaine 2009 an ráta pearsanta maidir le liúntas do lucht Chuardaigh Fostaíochta agus le Bunliúntas Forlíontach. I gcás éilitheoirí nua faoi bhun 20 bliain d'aois beidh €100 sa tseachtain sa ráta atá iníoctha le hAosaigh Cháilithe maidir le Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta/Bunliúntas Forlíontach Leasa. Ní fheidhmeofar na rátaí pearsanta seo agus na rátaí Aosaigh Cháilithe atá laghdaithe araon do éilitheoirí atá i dteideal ardú i leith linbh cháilithe.<br><br>Níl soláthar déanta chun bónas Nollag a íoc in 2009, thiocfadh nach gcuirfear ar fáil é ach amháin sa chás go ngnóthófar coigiltis smachta fritháirithe.<br><br>Cogiltis de bharr Bearta Smachta Ginearálta.<br><br>Athruithe teidlíochta do fhorlíonadh cíos agus réimeas íocaíochta. | **€300m**<br><br>€12m<br><br>€156m<br><br>€82m<br><br>€50m | **€400m**<br><br>€26m<br><br>€171m<br><br>€125m<br><br>€78m |
| **Gnóthaí Eachtracha** – Laghdú ar Chúnamh do Fhorbraíocht Choigríche | **€100m** | **€100m** |
| **Sláinte agus Leanaí**<br>Laghdú de leath ar íocaíocht mhíosúil maidir le Forlíonadh Luath-Chúraim Linbh do gach leanbh go €41.50 le héifeacht ó 1 Bealtaine 2009 agus le cealú ag deireadh 2009. In Eanáir 2010 cuirfear Scéim Réamhscoile Luath-Aois Linbh agus Oideachais ar fáil do gach leanbh idir 3 bliana 3 mhí agus 4 bliana 6 mhí. Beidh deontas caipitíochta iníoctha do sholáthróirí seirbhíse a sholáthraíonn seirbhísí réamhscoile saor in aisce.<br><br>Laghdú de €61 milliún san iomlán sa soláthar maidir le :<br><br>- Costas damhachtainí pá;<br>- Forbairtí nua i bPlean Seirbhíse an FSS chun aghaidh a thabhairt ar bhrú déimeagrafach; agus<br>- Na costais in 2009 bainteach le Reifreann Bunreachta um Chearta Leanaí d'fhonn tráthchlár a bheith níos déanaí ná mar a síleadh a chur san áireamh. | **€166m**<br><br>€105m<br><br>€61m<br><br>€20m<br><br>€40m<br><br>€1m | **€241m**<br><br>€180m<br><br>€61m<br><br>€20m<br><br>€40m<br><br>€1m |

| Beart | Teacht isteach in 2009 | Teacht isteach i mbliain iomlán |
|---|---|---|
| **<u>Coigiltis Phárolla</u> –** Eascraíonn na coigiltis mheasta seo as réimse de thionscnaimh a bhaineann le bainistíocht líon foirne sa tseirbhís phoiblí a fograíodh le deanaí agus sa Bhuiséad Forlíontach. | **€150m** | **€300m** |
| **<u>Coigiltis Eile i Ranna</u>** | **€170m** | **€174m** |
| **Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil** – coigiltis sa Chiste Rialtais Áitiúil go háirithe coigiltis ar ranníocaíocht an Státchiste don Chiste Rialtais Áitiúil | €20m | €30m |
| **Oideachas agus Eolaíocht –** ar na coigiltis tá laghduithe ar mhaoiniú don earnáil tríú leibhéal, in éifeachtacht ghinearálta, i riaradh agus i bhfeidhmiú na scéime iompair scoile, de bharr neamhíocaíocht liúntais chuitimh le conraitheoirí príobháideacha a bhain tairbhe as an scéim lacáiste breosla, agus coigiltis i bpá múinteoirí de bharr liúntais a chur ar fionraí maidir le Poist Freagrachta i scoileanna nuair a tharlaíonn folúntais. Is cuid den moratorium san earnáil phoiblí é seo. | €27m | €27m |
| **Talmhaíocht, Bia agus Foraoiseacht –** ar na coigiltis tá laghduithe ar an ráta íocaíochta faoi Scéim REPS; an Scéim um Ainmhithe Éagtha a chealú; agus coigeartuithe a mheas ar fud réimsí éagsúla. | €45m | €22m |
| **Gnóthaí Pobail, Tuaithe, agus Gaeltacht** – Coigiltis i réimhsí éagsúla ar a n-áirítear tacaíochtaí don Earnáil Phobail agus Dheonach agus cláracha forbartha áitiúla agus pobail. | €15m | €27m |
| **Iompar –** Laghdú ar dheontais cothabhála i leith Bóithre Náisiúnta don Udarás Náisiúnta um Bóithre; agus laghdú in íocaíochtaí teanntaíochta an Státchiste do CIE chun seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar. | €15m | €20m |
| **Cosaint –** ar na coigiltis tá costais laghdaithe i leith an mhisin chuig Chad ag eascairt as é a aistriú go Misean na NA ó Mhárta, 2009, maraon le costais laghduithe breosla srl agus sábhailteachtaí eile. | €11m | €11m |

| Beart | Teacht isteach in 2009 | Teacht isteach i mbliain iomlán |
|---|---|---|
| **Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nadúrtha–** ar na coigiltis áirítear laghdú de €5m sa leithdháileadh do RTE, An Post agus an Ciste Craoltóireachta, mar a léirítear i bhfáltais níos lú ón táille ceadúnais craoltóireachta, agus laghduithe ginearálta ar chláracha eile. | €10m | €10m |
| **Réimsí eile** | €27m | €27m |
| **Coigiltis Iomlána sa Chaiteachas Reatha** | **€886m** | **€1,215m** |

## Scéim Dreasachta um Luathscor sa tSeirbhís Phoiblí

Chun an pá-bhille sa tSeirbhís Phoiblí a laghdú, agus chun laghdú buan structúrtha a éascú i líon na mball foirne atá sa Státseirbhís, sna hUdaráis Áitiúla, san Earnáil Sláinte, sna Comhlachtaí Stáit Neamhthrách tála agus i réimsí áirithe eile den tSeirbhís Phoiblí, tá cinneadh tógtha ag an Rialtas scéim luathscoir a thairiscint do Státseirbhísigh agus do Sheirbhísigh Phoiblí áirithe atá caoga bliain d'aois agus os a chionn. Tá sonraí na scéime leagtha síos in Aguisín D atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais ag **www.finance.gov.ie**

## Scéim Dreasachta Speisialta um Shos Gairme sa Státseirbhís agus Scéim um Bliain Oibre níos Gairide

Chinn an Rialtas freisin dhá scéim nua um chothromaíocht oibre saoil a thairiscint do Státseirbhísigh. Tá *Scéim Dreasachta Speisialta um Shos Gairme sa Státseirbhís* á thabhairt isteach chun cuidiú le Státseirbhísigh sos gairme trí bliana ar a laghad a thógáil. Anuas ar sin, tá an scéim reatha um 'am téarma' á leasú agus tabharfar an *Scéim um Bliain Oibre níos Gairide* air as seo amach. Tá sonraí na scéime leagtha síos in Aguisín E atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais ag www.finance.gov.ie

## Scéim um Ghníomhachtú/Ath-scileáil agus um Thriailoiliúint do Oibrithe ar Gearrthéarma

Chomhaontaigh na Ranna Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Oideachais agus Eolaíochta, Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh cur chuige i dteannta a chéile d'fhonn gníomhachtú, agus tá réimse de bhearta curtha ar fáil acu chun daoine a choiméad i bhfostaíocht, athscileáil a chur ar fáil dóibh, rochtain níos fearr ar liúntais a éascú, agus san am céanna, tionchair dhiúltacha iomarcacha ar daoine inleonta a sheachaint. Tá sonraí na scéime leagtha síos in Aguisín F atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais ag www.finance.gov.ie

**Laghdú i dtaca le Pinsean do Sheirbhísígh Phoiblí –**
Athruithe ar mhaithe le maolú a dhéanamh ar thionchar na n-asbhaintí do Sheirbhísígh Phoiblí ar ísealphá, agus frithváireamh go pointe, trí mhéadú a chur ar thuillimh níos airde. Cosnóidh an beart seo €100 milliún in 2009 agus €150 milliún i mbliain iomlán.

**Socrú Reatha**

- An chéad €15,000 de thuillimh – 3%
- €15,000 go €20,000 de thuillimh – 6%
- Tuillimh os cionn €20,000 – 10%

**Socrú Nua**

- An chéad €15,000 de thuillimh dhíolmhaithe
- 5% ar an gcéad €15,000 eile de thuillimh
- 10% ar thuillimh idir €20,000-€60,000 agus
- 10.5% ar thuillimh os cionn €60,000

## Aistriú Ciste Pinsin

Tá i gceist go n-aistreofar chuig an Státchiste na socmhainní agus na dliteanais a bhaineann le cistí áirithe pinsin sna hOllscoileanna, agus i ngníomhaireachtaí Stáit neamh-thráchtála. Meastar go raibh dliteanais de €3 billiún nó mar sin sna cistí ag deireadh 2008 agus go raibh luach de €1.7 billiún sna sócmhainní ag an tráth céanna. Ciallaíonn rangu reatha na gcistí seo faoi rialacha EUROSTAT go mbeadh tionchar dearfach ag aistriú socmhainní i gcistí na nOllscoileanna agus sna Cistí um Chomhlachtái Stáit atá bunaithe faoi iontaobhais ar an gComhardú Rialtais Ghinearálta nuair a bheidís faighte. Dhéanfaí an teacht isteach tosaigh agus an toradh ar infheistíocht ina dhiaidh, a fhritháireamh sa todchaí trí íocaíocht na socar pinsin a áireofaí mar chaiteachais Rialtais ag tráth na híocaíochta. Beidh reachtaíocht ag teastáil chun éifeacht a thabhairt don bheart seo.

Riarfar na socmhainní mar chuid den Chiste Chúltaca Pinsean Náisiúnta.

## Caiteachas Caipitiúil

Ta laghdú de €624 milliún san ollchaiteachas Chaipitúil Vótáilte in 2009 i gcoibhneas leis an staid Bhuiséadeach Réamh-Fhorlíontach. Fritháirítear na coigiltis seo le leithdháiltí breise de €48 milliún (mar a luaitear thíos) chun an laghdú caipitiúil foriomlán a thabhairt go €576m in 2009. Déantar miondealú ar na leithdháiltí caipitiúla sna táblaí forlíontacha buiséadacha. Tá na mórathruithe mar seo a leanas:-

- **Iompar** – coigiltis de €300 milliún ar a bhfuil laghdú de €150 milliún nó 8% den infheistíocht do bhóithre. Sa bhliain 2009 baineann an laghdú seo den chuid is mó le bóithre réigiúnacha agus bóithre aitiúla. Tá an caiteachas ar bhóithre náisiúnta ceangailte go substaintiúil faoi chonradh, ionas go gcomhlíonfar an líonra mótarbhealach idir-uirbeach faoi dheireadh 2010 mar atá geallta, laistigh den am agus den bhuiséad araon. Cuirfear roinnt tionscadal um iompar poiblí ar athló agus ar athsceidealú chomh maith.
- **Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil –** coigiltis de €200 milliún ag eascairt go príomha i réimsí tithíochta sóisialta agus Bonneagar Seirbhísí Uisce, chomh maith le cláracha eile.
- **Oideachas agus Eolaíocht** –coigiltis de €54 milliún go príomha sna Cláir Tógála Bunscoile agus Iarbhunscoile (€30 milliún) agus sa chlár chaipitiúil Tríú Leibhéal (€24 milliún).
- **Talmhaíocht** – Ath-leithdháileadh de €23milliún ó Chostas Reatha go Costas Caipitiúil chun soláthar don Scéim um Bainistíocht Drámháil Feirme. Beidh leithdháileadh de €220 milliún san iomlán; agus ath-leithdháiltí eile ar réimse de chaiteachais caipitiúla ar a bhfuil ciorrú sa soláthar don fhoraoiseacht a éileoidh laghdú sa ráta préimhe foraoiseachta
- **Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha** – Coigiltis de €15 milliún agus laghdú de €13 milliún san áireamh sa leithdháileadh do chláracha taighde um Fhuinneamh Inchothaithe agus um Fhuinneamh.
- **Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht –** leithdháileadh breise de €25 milliún in 2009 i dtaca le Ciste Cobhsaíochta Fiontar (féach ceannteideal thíos)
- **Réimsí Eile** – coigiltis chaipitiúla de €55 milliún i réimsí eile.

## Ciste Cobhsaíochta Fiontar

Tá Ciste Cobhsaíochta Fiontar á bhunú sa Roinn Fiontar, Tradála agus Fostaíochta chun tacaíocht spriocdhírithe a thabhairt do chuideachtaí dúchasacha d'fhonn cuidiú leo sa timpeallacht achrannach reatha gnó ina bhfuil siad ag feidhmiú faoi láthair. Leagtar síos sonraí feidhme an Chiste in Aguisín G atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais ag www.finance.gov.ie